**Déardaoin 10. Samhain 2022**

P9_TA(2022)0379

## Fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Samhain 2022 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach (COM(2021)0223 – C9-0167/2021 – 2021/0114(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 161/06)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0223),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0167/2021),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 13 Iúil 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus ón gCoiste um Gnóthaí Dlíthiúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0135/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é ([2]);

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. ag cur sonrú sna ráitis ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;*

4. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2021)0114

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Samhain 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/2560).*

---

([1]) IO C 105, 4.3.2022, lch. 87.

([2]) Gabhann an seasamh seo ionad na leasuithe a glacadh an 4 Bealtaine 2022 (Téacsanna arna nglacadh P9_TA(2022)0143).

**Déardaoin 10. Samhain 2022**

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chóras iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha agus a bhfuil EDT nuachóirithe ina chroílár aige agus do thuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht an chreata iltaobhaigh maidir le fóirdheontais. Athdhearbhaíonn sé a thiomantas tacú le nuachóiriú rialacha EDT chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh trádála agus ar an iomaíocht. Go háirithe, rachaidh an tAontas i mbun rialacha maidir le fóirdheontais thionsclaíocha a nuachóiriú chun feidhmiú cuí Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh (ASCM) a fheabhsú agus chun comhlíonadh agus forfheidhmiú a chur chun cinn.

Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le soiléirithe i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2560 ([1]), de bhun Airteagal 46 de

Geallann an Coimisiún soiléiriú a thabhairt ar chur i bhfeidhm Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 maidir le saobhadh a bheith ann mar thoradh ar fhóirdheontas eachtrach sa mhargadh inmheánach, cur i bhfeidhm na tástála comhardúcháin a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo, agus an measúnú ar shaobhadh i nós imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 27(1) den Rialachán seo.

Cuirfidh an Coimisiún na soiléirithe tosaigh sin ar fáil don phobal 12 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta chur i bhfeidhm na bhforálacha sin.

Féadfar treoirlínte arna n-eisiúint de bhun Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2022/2560 a chur in ionad na soiléirithe tosaigh sin.

Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le rialacha iltaobhacha chun aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais eachtracha shaobhacha tráth a glacadh Rialachán (AE) 2022/2560 ([2])

An 30 Meitheamh 2022, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach ar chomhaontú maidir leis an Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach ([3]). Comhlánaíonn an Rialachán seo na disciplíní Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le fóirdheontais agus rialú fóirdheontais. Déileálann sé le saobhadh a tharlaíonn mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha ar mhargadh inmheánach an Aontais.

D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag fóirdheontais ar thrádáil idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh saobhadh iomaíochta a bheith mar thoradh orthu in earnálacha traidisiúnta agus i dteicneolaíochtaí nua araon. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh ró-acmhainneacht a bheith mar thoradh ar fhóirdheontais neamhrialaithe, rud a dhéanfadh dochar do dhinimic shláintiúil an mhargaidh. Ní mór don Aontas leanúint de thairbhe a bhaint as deiseanna idirnáisiúnta agus ag an am céanna uirlisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais éagóracha trádála, go hinmheánach agus go seachtrach araon ([4]). Ba cheart go rannchuideodh an Rialachán seo le feabhas a chur ar athléimneacht mhargadh inmheánach an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an margadh sin a chosaint ar shaobhadh mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha. Ar an gcaoi sin, comhlánaíonn an tAontas a bhosca uirlisí d'fhonn cuspóirí neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a bhaint amach.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar thionchair dhiúltacha na bhfóirdheontas, agus ag aithint dó go bhféadfadh sé nach mbeadh rialacha EDT éifeachtach go leor chun dul i ngleic leis na hiarmhairtí diúltacha a bhíonn ag idirghabháil stáit sa gheilleagar, lena n-áirítear i gcás earnálacha tionsclaíocha áirithe, tá an Coimisiún Eorpach fós tiomanta d'éifeachtacht an chreata iltaobhaigh maidir le fóirdheontais a fheabhsú tuilleadh, agus tá sé meáite ar bhrú a chur ionas go mbeadh creat dlíthiúil ann atá in ann aghaidh a thabhairt ar shaobhadh ar thrádáil agus ar iomaíocht agus ionas go mbeadh cothrom na Féinne

([1]) Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).

([3]) Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach (COM(2021)0223).

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach an 18 Feabhra 2021 (COM(2021)0066).

ann ([5]). Go háirithe, tá an Coimisiún tiomanta do rialacha maidir le fóirdheontais thionsclaíocha a nuachóiriú chun feidhmiú cuí Chomhaontú ETD maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh (ASCM) a fheabhsú agus comhlíonadh an Chomhaontaithe sin a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Coimisiún Eorpach an comhar tríthaobhach atá ar siúl aige leis an tSeapáin agus leis na Stáit Aontaithe.

Leagtar síos rialacha maidir le fóirdheontais go háirithe in ASCM, ina leagtar amach toirmisc ar fhóirdheontais áirithe agus gníomhaíochtaí chun éifeachtaí díobhálacha fóirdheontas a chomhrac i gcomhthéacs na trádála in earraí. Maidir leis an Aontas, déantar na rialacha sin, a mhéid a bhaineann siad le fóirdheonú frithchúitimh, a chur chun feidhme le Rialachán (AE) 2016/1037 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([6]). Is de réir raon feidhme ASCM a chinntear raon feidhme Rialachán (AE) 2016/1037.

Tá an Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear go háirithe iad siúd a eascraíonn as ASCM. Áiritheoidh an Coimisiún Eorpach go mbeidh aon ghníomhaíocht a dhéanfar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm comhsheasmhach lena oibleagáidí idirnáisiúnta.

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as an Rialachán nua seo chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh a eascraíonn as fóirdheontais eachtracha sa mhargadh inmheánach

---

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach an 18 Feabhra 2021 (COM(2021)0066).

([6]) Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).